**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA** **S.7**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001**

**GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR 1**
**(100 marc)**

**AN DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.15 go dtí 3.45**

## ROINN I – SCRÍOBH NA TEANGA [70 marc]

**Ceist 1.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos. **(50 marc)**

**(Ní gá dul thar leathanach go leith i do fhreagra.)**

**A. AISTE**

Scríobh aiste ar do rogha **ceann amháin** de na hábhair seo:-

(i) Mo rogha clár teilifíse.
(ii) Tionchar na haimsire ar shaol an duine.
(iii) 'Ní thagann ciall roimh aois.' An fíor é, dar leat?

**B. SCÉAL / EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:-

(i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar thús leis:-

" Bhí mé ar chúl na scoile in éineacht le mo chairde. Go tobann chonaiceamar an príomhoide ag teacht inár dtreo …"

(ii) Déan cur síos ar eachtra spéisiúil a tharla duit agus tú ar thuras scoile.

**C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son nó in aghaidh an rúin sin:-

(i) "Ní cóir postanna páirtaimseartha a bheith ag daltaí iarbhunscoile."

(ii) "Tá saol na cathrach níos fearr ná saol na tuaithe."

**D. ALT (do nuachtán nó d'iris)**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:-

(i) Tá tuairimí láidre agat faoin éide scoile i do scoil féin.
Scríobh **an t-alt** a chuirfeá chuig eagarthóir iris na scoile faoin ábhar sin.

(ii) Tá an nuachtán *Lá* ag lorg alt ó dhaoine óga faoin ábhar 'An ríomhaire i saol an duine óig.'
Scríobh **an t-alt** a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin faoin ábhar sin.

**THALL →**

**Ceist 2.** Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)** **(20 marc)**

**A.** Imríonn tú cluichí agus tá tú ar fhoireann. Níl bainisteoir na foirne róshásta leat faoi láthair. Scríobh **an comhrá** a bhí idir tusa agus an bainisteoir mar gheall air seo.

**B.** Thug duine cáiliúil cuairt ar do scoilse le déanaí. Chuir tú agallamh uirthi/air d'iris na scoile. Rinne tú téipeáil ar an agallamh. Scríobh **an t-agallamh** a bhí ar an téip agat.

## ROINN II - LÉAMHTHUISCINT (SLIOCHT LEANÚNACH) [30 marc]

Léigh an píosa iriseoireachta seo (bunaithe ar alt in *Mahogany Gaspipe*) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.
*[Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]*


# AN CHÉAD ÍOL DÉAGÓRACH

An déagóir dorcha gruama corrthónach! Tá sé ina *cliché* amach is amach, déarfá. Is cosúil, áfach, go gcaithfidh gach déagóir a bheith amhlaidh anois. Cé a thógfadh uirthi/air é nuair nach bhfuil tuiscint dá laghad ag tuismitheoirí ar dhéagóirí? Sin a thugtar le fios dúinn, pé scéal é. Ní inniu ná inné a tháinig an deacracht seo chun solais.

Ón dara cogadh domhanda ar aghaidh tháinig glúin óg nua chun cinn i Meiriceá, a bhí réasúnta saibhir agus níos saoire óna dtuismitheoirí ná mar a bhí aon ghlúin a chuaigh roimpi. Chonaic lucht déanta scannán go raibh lucht féachana mór ann nach raibh aon scannánóir ag freastal air go dtí sin. Chuir siad rompu pictiúir a dhéanamh don chultúr nua déagórach seo. Ba é **Rebel Without a Cause** an scannán ba cháiliúla díobh seo agus ba é James Dean a laoch.

Léirigh gothaí agus geáitsí Dean dearcadh nua na glúine óige go soiléir sa scannán seo. Faraor géar ní dhéanfadh an t-íol déagórach ach scannán amháin eile, **Giant**. Thaispeáin **Giant** go raibh Dean in ann páirteanna casta a ghlacadh agus go raibh sé i ndán dó a bheith ina réaltóg mhór. Ach ní mar a shíltear bítear sa saol seo go minic.

Bhí spéis i gcónaí ag James Dean i gcairr, cairr ghasta. Siombail an-tábhachtach den tsaoirse san ógchultúr nua ba ea an carr. Bhí Dean an-bhródúil as an *Porsche Spyder* a bhí aige. Shocraigh sé deireadh seachtaine a chaitheamh ag glacadh páirte i rás bóthair i Salinas, California. Ar an mbealach bhuail sé féin agus carr eile faoina chéile. Maraíodh é. Ar nós go leor réaltóg eile a fuair bás go hóg, thosaigh cáil James Dean ag méadú ón lá cinniúnach sin, 30 Meán Fómhair, 1956.





**Ceisteanna** **(iad ar cómharc)**

(i) (a) Cén saghas duine é 'an déagóir' atá luaite **sa chéad alt**?
(b) Cén fáth a mbíonn an déagóir mar seo, dar le húdar an phíosa?

(ii) (a) Breac síos **dhá** thréith a bhain leis an nglúin óg 'ón dara cogadh domhanda ar aghaidh'.
(b) Luaigh an buntáiste a bhain lucht déanta scannán as an gcultúr nua déagórach seo.

(iii) (a) Ainmnigh an **dá** scannán, atá luaite sa téacs, inar ghlac James Dean páirt.
(b) I gcás **ceann amháin** den dá scannán sin breac síos **pointe eolais amháin** faoi James Dean sa scannán sin.

(iv) (a) Cén sórt cairr a raibh spéis ag James Dean ann?
(b) Bhí tábhacht ag baint leis an gcarr 'san ógchultúr nua'. Cad é?

(v) (a) Conas a fuair James Dean bás?
(b) Cad a tharlaíonn i gcás réaltóg a fhaigheann bás go hóg, dar le húdar an phíosa?